# Polasaí Thinrimh

## Gaelscoil na gCeithre Maol

Tá straitéis tinrimh curtha i bhfeidhm i nGaelscoil na gCeithre Maol. Is léir ón tinreamh go ndéanann formhór tuismitheoirí na scoile iarracht a gcuid páistí a chur ar scoil in am agus go rialta.

Is mian linn atmasféar sona, spreagúil, sábháilte, cineálta a chothú ina ndéantar cúram d'fhorbairt iomlán an pháiste. Aithnímid i nGaelscoil na gCeithre Maol an tábhacht a bhaineann le dea-thinreamh i ndul chun cinn an pháiste. De réir Alt 20 agus 21 den Acht Oideachais (Leas) 2000, tá sé de dhualgas ar scoileanna taifead tinrimh a chur ar bun agus monatóireacht a dhéanamh ar thinreamh gach dalta atá ar rolla na scoile. Is gá tuairisciú ar thinreamh daltaí i gcásanna áirithe.

**<u>Is iad aidhmeanna na straitéise seo ná:</u>**

- moladh do dhaltaí dul chun na scoile go rialta agus go poncúil.
- go mbeadh comhphobal na scoile ar fad gafa le cothú tinrimh.
- comhphobal na scoile a chur ar an eolas maidir le ról agus freagrachtaí, de réir an Achta.
- daltaí a aithint a d'fhéadfadh a bheith i mbaol fadhbanna maidir le tinreamh.
- a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta ag an scoil chun tinreamh/rannpháirtaíocht a chur chun cinn.
- comhchaidreamh a fhorbairt, idir an scoil agus clanna na bpáistí a d'fhéadfadh a bheith i mbaol fadhbanna maidir le tinreamh.
- sainaithint a dhéanamh ar na bacanna i gcoinne tinrimh, agus deireadh a chur leo, chomh fada agus is féidir.

**<u>Ról an tuismitheora/chaomhnóra</u>**

Deireann Alt [(21) (9)] den Acht go "measfar nach bhfuil mac léinn as láthair on scoil i gcás ina bhfuil aon tréimhse neamhláithreachta údaraithe ag an bpríomhoide agus go mbaineann sí le gníomhaíochtaí a bheidh eagraithe ag an scoil nó a bhfuil baint ag an scoil leo". Ni féidir leis an príomhoide neamhláithreacht daltai a údarú i dtaobh saoire i rith am scoile. Ta sé riachtanach, áfach, go gcuirfeadh na tuismitheoirí in iúl don scoil maidir le socruithe mar seo.

Is féidir dea-thinreamh a spreagadh trí:

• Poncúlacht agus tinreamh rialta a chinntiú.
• Cur in iul don scoil munar féidir lena gcuid páistí freastal ar scoil ar chúis ar bith.
• Comhoibriú leis an scoil agus an tSeirbhís Scoile agus Oideachais chun fadhbanna tinrimh a shárú.
• Cinntiu go dtuigeann na páistí go dtacaíonn tuismitheoiri le tinreamh scoile.
• Más féidir in aon chor, saoire in am scoile a sheachaint.
• Suim a léiriú i dtaithí scoile na bpáisti agus ina gcuid obair bhaile.
• lad a spreagadh chun páirt a ghlacadh in imeachtaí scoile.
• Moladh agus spreagadh a thabhairt dá gcuid páistí.
• Féin-íomhá dearfach a chothú ina gcuid páistí, chomh maith le meon dearfach maidir lena bhfiúntas pearsanta féin.
• Cur in iul don scoil i scribhinn na fáthanna nach féidir le dalta a bheith ar scoil.
• Cinntiú, chomh fada agus is féidir, go socraítear cinní (le fiaclóirí srl) ag amanna lasmuigh d'uaireanta scoile.
• Teagmháil a dhéanamh leis an scoil láithreach, i gcás cúiseanna imní maidir le tinreamh no ábhair ghaolmhara eile.
• Cur in iúl don scoil roimh ré i scribhinn i gcás go mbeadh páiste/í le bailiú ag duine nach bhfuil aithne ag an múinteoir air.
• Iarrtar ar thuismitheoirí nó chaomhnóirí nó fheighlithe nó ghaolta gan cur isteach ar obair ranga i rith am scoile.

• Iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí a chinntiú go dtagann a bpáistí ar scoil gach lá seachas nuair a bhíonn leithscéal ceart acu le bheith as láthair

**Clárú (Ról na scoile)**

• Glaotar an rolla gach lá ag 09.30am sna ranganna. (Úsáidtear Aladdin).

• Coinníonn an múinteoir nótaí/litreacha a bhaineann le asláithreachtaí agus cuirtear chun na hoifige iad ag deireadh na bliana nó nuair a chuirtear fios orthu. Beidh na nótaí seo mar thaifead a d'fhéadfadh an t-oifigeach leasa oideachais a scrúdú ar chuairt chuig na scoile.

• Teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí nuair nach mbíonn éolas faoi neamhláithreachtai ar fáil i scríbhinn.

• Sa chás go bhfuil go leor ama caillte ag páiste agus nach bhfuil leithscéal tugtha cuirfidh an príomhoide fios ar an tuismitheoir/caomhnóir chun an scéal a phlé.

• Má chailleann páiste 20 lá nó níos mó tá sé de dhualgas ar an scoil na sonraí faoin asláithreacht a chur ar fáil don Bhord Naisiúnta Leasa Oideachais. Déantar seo ceithre huaire i rith na scoilbhliana.

• Déantar teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí (ó bhéal agus i scríbhinn) nuair atá 20 lá caillte ag páiste.

**Poncúlacht**

Bíonn an scoil ar oscailt ó 8.40 r.n. agus tá sé riachtanach go mbeadh daltaí ina gcuid seomraí ranga ag a 8.50 ar a dhéanaí. Tá sé de dhualgas ar mhúinteoirí agus ar dhaltaí bheith in am. Déanfaidh an scoil teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí i gcás daltaí a bhíonn déanach go seasta. Tá sé de dhualgas faoin Acht ar an bPríomhoide tuairisc a thabhairt don Bhord um Leas Oideachais i gcás daltaí a bhíonn déanach go seasta.

**Straitéisí Scoile Uile chun dea-thinreamh a chothú**

Is mian leis an mBord Bainistíochta atmaisféar dearfach a chothú sa scoil chun dea-thinreanih a chur ar aghaidh. Chuige seo:

• Bíonn curaclam na scoile so-lúbtha, chomh fada agus is féidir, agus oiriunach do riachtanais an pháiste indibhidiúil.

• Cothóidh an scoile forbairt dea-féinchoincheapa agus féinnheasa i measc na ndaltaí.

• Beidh tacaíochi curtha ar fáil le haghaidh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i gcomhréir le treoirlínte ROE.

• Féilire scoile: Cuirtear féilire scoile don bhlian ina ndiaidh abhaile le gach páiste i Mí Bealtaine. Beifear ag súil go ndéanfadh tuismitheoirí pleanáil ar imeachtaí clainne/laethanta saoire taobh amuigh den am scoile.

• Cuirtear amach Nuachtlitir ag tús na bliana ag míniú do na tuismitheoirí faoi chúrsaí tinrimh-luaite thuas agus ag deireadh na bliana scríobhtar an méid laethanta a chaill páiste sa scoil bliana sin ar an tuairsc scoile. Cuirtear litir abhaile, chun tuismitheoirí a chur ar an eolas nuair atá 10, 15 & 20 lá caillte ag páiste.

• Bainfear úsáid as seirbhísí An Oifigigh Oideachais (Leas).

• Déanfaidh an múinteoir ranga monatóireacht ar rátaí tinrimh na ndaltaí i dtús báire, agus cuirfidh sé/sí an Príomhoide ar an eolas maidir le dalta ar bith a bhfuil fadhb tinrimh aige/aici.

• Daltai a bhfuil drochthinreamh á chleachtadh acu, tabharfar cuidiú dóibh, chomh fada agus is féidir, chun feabhas a chur ar an dtinreamh.

• Idirghabháil luath: Déantar díriú isteach ar thuismitheoirí nua chun iad a chur ar an eolas faoi nósanna imeachta a bhaineann le tinreamh agus tábhacht an tinrimh. Mínítear do na tuismitheoirí/caomhnóirí nua an dlúthbhaint idir dea-thinreamh agus dul chun cinn sásúil an pháiste. Cuirimid tuismitheoirí ar an eolas faoi na ceanglais a bhíonn ar scoileanna agus ar thuismitheoirí faoin Acht Oideachais (Leas). Tugaimid eolas faoin bileog 'Don't Let Your Child Miss Out. (bileog do thuismitheoirí, BNLO 2004)

- Bronntar teastais ar pháistí le dea thinrimh ag searmanas ag deireadh na bliana. Cuirimid an béim ar tinrimh níos fearr.
- Tugtar gach cúnamh do chlanna atá faoi bhrú ag fadhbanna eacnamaíochta/baile chun cabhrú leo na páisti a spreagadh chun dul ar scoil.
- Tugtar cúnamh do pháistí a chailleann go leor am scoile ionas nach gcailleann siad amach ar obair scoile.
- Cuireann an scoil tuairisc bhliantúil ar thinreamh chuig an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais.

**Taifead/Cumarsáid**

I gcomhréir le srianta Acht um Chosaint Sonraí cuirfear ar aghaidh sonraí tinrimh agus iompraíochta chomh maith le torthaí acadúla daltaí a aistríonn go dtí bunscoil eile go dtí Príomhoide na scoile, sa phost, chomh luath agus a fhaightear fógra i scríbhinn faoin aistriú. Lorgófar sonraí tinrimh agus iompraíochta chormh maith le torthaí acadúla daltaí a aistríonn ó bhunscoil eile go díreach on scoil ar a raibh an páiste ag frestaI roimhe sin.

Cuirfear ar aghaidh sonraí tinrimh agus iompraíochta chomh maith le torthaí acadúla daltaí a aistríonn go dtI scoil dara leibhéal, ma iarrtar iad, go dtí an scoil chomh luath is a fhaightear deimhniú rollaithe.

Tá an straitéis seo i bhfeidhm. Déantar athbhreithniú uirthi go rialta.

Sínithe thar ceann Bhord Bhainistíochta Gaelscoil na gCeithre Maol:

__________________________ Dáta: ____________